Irish
Leaving Certificate
Ordinary Level

Past Exam Questions on
Poetry - An tEarrach Thiar

Q3 Part (b) Section 1 2012 Paper 2

(b) (i) (a) Conas atá an aimsir sa dán seo? (*An tEarrach Thiar* thíos)
(b) Cén dath a bhí ar an bhfeamainn?
(c) Cá bhfios duit go raibh an iascaireacht go maith?
(d) Cathain a d'fhill na hiascairí ar an gcladach? (8 marc)

(ii) Luaigh **dhá** íomhá (phictiúr) atá sa dán.
Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an dá íomhá sin sa dán. (8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae:
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.